

CEAHT 5

Glúaiseacht na
gCeardchumann in
Éirinn sa Nua-Aois



CEAHT 5

Gluaiseacht na gCeardchumann in Éirinn sa Nua-Aois

Ábhar: Stair (Comhtháite leis an Drámaíocht)

Snáithe: Réanna inar tharla athrú agus coimhlint

Snáithaonad: Éire sa Nua-Aois

Cuspóirí Foghlama:

- eolas a chur ar ról na gceardchumann agus ar na bealaí ina ndéanann siad ionadaíocht ar a gcuid ball
- cás-staidéar ar cheardchumann i mbun gnímh a scrúdú agus a phlé
- rólghlacadh a dhéanamh chun an tuiscint atá acu ar chaibidlíocht ar mhaithe le toradh inmhianaithe a léiriú
- toradh a roghnú agus argóint ar son/i gcoinne comhaontú pá molta a dhéanamh chun tacú lena rogha

Acmhainní:

- Cur i láthair PowerPoint 5 - *Gluaiseacht na gCeardchumann in Éirinn sa Nua-Aois*
- Balla focal
- Comharthaí le haghaidh dhá rogha
- Cairt ETF

Réamhrá:

Déanfaidh an múinteoir athbhreithniú ar an stór focal atá clúdaithe go dtí seo agus tagairt á déanamh don bhalla focal, m.sh., ceardchumann, gníomhaí, cómhargáil, mandáid, ballóid, srl.

Oscloídh an múinteoir PowerPoint ar an gcéad sleamhnán ar a dtaispeántar na híomhánna éagsúla de cheardchumainn agus lógónna ceardchumann. Bain úsáid as sin mar spreagadh le haghaidh plé

- An bhfuil cur amach agat ar aon cheann de na lógónna seo?
- Agus an bhfuil a fhios agat cé dó a seasann siad?
- Is lógónna ceardchumainn iad seo go léir - an bhfuil a fhios agat cé orthu a ndéanann gach ceardchumann ionadaíocht?
- An bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith atá ina bhall de cheann de na ceardchumainn seo?
- An bhfuil eolas agat ar aon cheardchumann eile nach luaitear anseo iad?



Forbairt:

Achoimre ar Fhrithdhúnadh 1913 ón gceacht roimhe seo.

Cad a bhí á lorg ag na ceardchumann ag an am sin? – pá agus dálaí níos fearr, an ceart chun bheith mar bhall de cheardchumann.

Tabhair breac-chuntas ar roinnt rudaí atá bainte amach ag ceardchumann ó aimsir Fhrithdhúnadh 1913 (Sleamhnán 2).

Déan plé ar aidhmeanna comhchoiteanna na gceardchumann sa lá atá inniu ann (sleamhnán 3).

Cuir suas Sleamhnán 4, ar a dtaispeántar na haltraí a bhí páirteach i ngníomh stailce agus déan plé ranga uile.

- An raibh ort dul chuig ospidéal riamh?
- An raibh ort fanacht in ospidéal riamh?
- Cé a thug aire duit nuair a bhí tú ann?
- An bhfuil altra ina theaghlach ag duine ar bith?

Táimid chun breathnú ar shampla de cheardchumann ar stailc oibre - stailc CABCE - Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann.

Úsáid na leidcheisteanna seo a leanas chun an díospóid a phlé:

- Cad is stailc ann?
- Cén fáth a dtéann oibrithe ar stailc?
- Cad a tharlaíonn nuair a théann oibrithe ar stailc?

- Cén fáth a ndeachaigh na haltraí ar stailc?
- Cén toradh a bhí ar an ngníomh stailce?

Grúpgníomhaíocht-Comhtháthú-Amharcealaíona-Drámaíocht

Grúpgníomhaíocht (Sleamhnán 5 agus 6): Grúpaí de sheisear - 5 nóiméad in aghaidh an ghrúpa. Téann an múinteoir timpeall agus tugann cúnamh de réir mar is gá.

Baineann leanaí úsáid as an bhféinmheasúnú (i ngrúpaí) chun aiseolas a thabhairt ar conas a d'éirigh leis an ngníomhaíocht - soilse tráchta ar chomh héasca nó deacair a bhí sé acu caibidlíocht a dhéanamh.

Clabhsúr:

Toradh na caibidlíochta-smaoinigh-téigh i mbeirteanna-comhroinnt-pléigh le comhpháirtí an dara ranga a mhol an bhainistíocht ar feadh 2 nóiméad.



Cuireann an múinteoir dhá chomhartha in airde ar an dá thaobh den seomra a léiríonn rogha 1 agus rogha 2. Bogann leanaí chun seasamh faoin rogha is fearr leo.

Aiseolas - cé a mholfadh rogha 1 agus cén fáth? Cé a mholfadh rogha 2 agus cén fáth?

Achoimre ar Cheardchumann agus a dtábhacht i gcaibidlíocht mar sin. Cuir cairt ETF i gcrích anois agus na ceachtanna go léir curtha i gcrích.

Measúnú:

- Breathnóireacht Múinteora
- Ceistiúchán
- Féinmheasúnú- Soilse Tráchta

Nascadh/Comhtháthú molta:

- Na hAmharcealaíona - Dear do lógó féin le haghaidh ceardchumann nó póstaer/meirge le haghaidh saincheist oibrí
- Drámaíocht - machnamh a dhéanamh ar an drámaíocht
- Gaeilge - san Ospidéal

